Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14482/1/25
REV 1

AVIATION 144
DELACT 161

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 6987 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 23.10.2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le deimhniú aeracmhainneachta agus deimhniú srianta aeracmhainneachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6987 final.

Faoi iamh: C(2025) 6987 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.10.2025
C(2025) 6987 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.10.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le deimhniú aeracmhainneachta agus deimhniú srianta aeracmhainneachta**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Ón 28 Meán Fómhair 2008, eisíodh deimhnithe aeracmhainneachta agus deimhnithe srianta aeracmhainneachta san Aontas ar feadh tréimhse neamhtheoranta. Chun a mbailíocht a choinneáil, ní mór athbhreithniú aeracmhainneachta (AR) a dhéanamh go tréimhsiúil ar aerárthaí, agus ní mór deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta (ARC) a eisiúint, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún[1]. Nuair a tugadh isteach an próiseas athbhreithnithe aeracmhainneachta, tháinig athruithe suntasacha chun cinn, lena n-áirítear róil nua d'údaráis inniúla náisiúnta (NCAnna), pribhléidí d'eagraíochtaí um bainistiú leanúnach aeracmhainneachta, ceanglais shonracha maidir le pearsanra, agus próisis mhionsonraithe chun ARCanna a eisiúint.

Mar a cheanglaítear le hAirteagal 85(8) de Rialachán (AE) 2018/1139[2], rinne an Ghníomhaireacht measúnú ar thionchar an phróisis athbhreithnithe aeracmhainneachta trí ghníomhaíochtaí éagsúla amhail cigireachtaí caighdeánaithe, meastóireacht ar mhaoluithe, aiseolas ó pháirtithe leasmhara, agus suirbhé a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2012.

Maidir leis an aiseolas ó pháirtithe leasmhara, cuireadh ábhair imní in iúl nach raibh na ceanglais i Rialacháin (AE) Uimh. 748/2012 agus (AE) Uimh. 1321/2014 maidir le heisiúint an deimhnithe aeracmhainneachta agus ARC leordhóthanach, doiléir nó nárbh fhéidir iad a chomhlíonadh i gcásanna áirithe, go háirithe nuair a allmhairíodh aerárthaí ó chóras rialála eile.

Tá sé beartaithe leis an ngníomh tarmligthe seo aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin trí cheanglais níos soiléire a sholáthar chun cur chun feidhme na rialacha a éascú agus trí dheireadh a chur leis na ceanglais sin a chruthaigh, gan tairbhe sábháilteachta, ualach riaracháin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 128(4) de Rialachán (AE) 2018/1139, sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Cuireadh an dréachtghníomh tarmligthe is ábhar i láthair Ghrúpa na Saineolaithe um Shábháilteacht Eitlíochta., ar a n- áirítear ionadaithe ó na Ballstáit, ag an gcruinniú a reáchtáladh an […]. Tá an dréachtghníomh tarmligthe lena mbaineann bunaithe ar Thuairim 08/2024 ó EASA ar ina leith a rinneadh comhairliúchán poiblí trí Fhógra maidir le Leasú Beartaithe (NPA) 2015-17 'Próiseas athbhreithnithe aeracmhainneachta', NPA 2016-08 'Iompórtáil aerárthaí ó chóras rialála eile, agus athbhreithniú Chuid-21 Fochuid H', agus NPA 2016-19 'Ailíniú rialacha cur chun feidhme agus modhanna inghlactha comhlíontachta/ábhar treoraíochta le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 — Tuairisciú ar tharluithe'.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 19(1)(e) de Rialachán (AE) 2018/1139, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 128 den Rialachán sin, lena leagtar síos ceanglais mhionsonraithe maidir leis na coinníollacha chun na deimhnithe aeracmhainneachta, chomh maith le deimhnithe srianta aeracmhainneachta, a eisiúint, a leasú, a theorannú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach
aerárthaí agus táirgí, páirteanna agus fearas aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n- eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1321/oj). https://data.europa.eu/eli/reg/2014/1321/oj).

[2] IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.10.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le deimhniú aeracmhainneachta agus deimhniú srianta aeracmhainneachta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ([3]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 19(1) agus Airteagal 62(13), pointe (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ([4]) ón gCoimisiún na ceanglais maidir le haeracmhainneacht tosaigh aerárthaí, lena n-áirítear na ceanglais maidir leis an deimhniú aeracmhainneachta agus an deimhniú srianta aeracmhainneachta a eisiúint.

(2) Ba cheart castacht na rialacha cur chun feidhme sin a laghdú chun iad a ailíniú leis na rioscaí a bhaineann le catagóirí éagsúla aerárthaí, le cineálacha éagsúla oibríochtaí agus le stair na n-aerárthaí. Is gá na rialacha a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a shimpliú agus a chomhchuibhiú chun iad a dhéanamh níos soiléire agus chun míthuiscintí a sheachaint.

(3) Mar gheall ar na spleáchais chasta idir Rialacháin (AE) Uimh. 748/2012 agus (AE) Uimh. 1321/2014 i ndáil le deimhniú aeracmhainneachta agus deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta faoi seach, is gá feabhas a chur ar an ailíniú idir an dá Rialachán sin, go háirithe i gcás aerárthaí a aistrítear idir Ballstáit nó a allmhairítear isteach san Aontas.

(4) D'fhonn saorghluaiseacht aerárthaí laistigh den Aontas a fheabhsú, is gá an próiseas chun eisiúint deimhnithe aeracmhainneachta a éascú nuair a aistrítear aerárthaí idir Ballstáit agus cead a thabhairt d'iarratasóirí deimhniú aeracmhainneachta a iarraidh ar údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit inar mian leo an t-aerárthach a chlárú.

---

3 IO L 212, 22.8.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

4 Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 an 3 Lúnasa 2012 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneacht agus deimhniú comhshaoil nó dearbhú comhlíontachta d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara, fearais, aonaid rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin, chomh maith le ceanglais maidir le cumas eagraíochtaí deartha agus táirgthe (athmhúnlú)'; (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/748/oj.

(5) Ba cheart ceanglais maidir le hiarratais ar dheimhnithe aeracmhainneachta agus ar dheimhnithe srianta aeracmhainneachta a leasú chun cásanna aerárthaí athláimhe seachas aerárthaí de thionscnamh tríú tíortha a chur san áireamh, amhail aerárthaí a úsáideadh roimhe sin le haghaidh gníomhaíochtaí nó seirbhísí a shainítear in Airteagal 2(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1139.

(6) Nuair a bheidh iarratas á dhéanamh ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta d'aerárthach a allmhairítear ó thríú tír, beidh gá le ráiteas ina léireofar stádas aeracmhainneachta aerárthaigh. I gcás nach bhfuil fáil ar an ráiteas sin agus nach féidir é a fháil, ba cheart sásra malartach a thabhairt isteach bunaithe ar ghníomhaíochtaí imscrúdaithe agus meastóireachta.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a leasú dá réir.

(8) Tá na tuairimí dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le Tuairim 08/2024 ([5]), a d'eisigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid 21) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) leasaítear Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón *[OP :cuir isteach an dáta 6 mhí tar éis an dáta teacht i bhfeidhm]*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23.10.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

---

5 Tuairim 08/2024 an 17 Nollag 2024 ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, Próiseas athbhreithnithe aeracmhainneachta — Allmhairiú aerárthaí ó chórais rialála eile, agus athbhreithniú ar Chuid 21 Fochuid H — Athbhreithniú ar IRanna Bhun-Rialachán EASA le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, https://www.easa.europa.eu/en/document-library/opinions/opinion-no-082024.